Nithe Coitianta

TIONSCADAL IMEASCTHA (Amharcealaíona/Stair/Eolaíocht)

Le Micheal O'Reilly

Féach timpeall i do theach agus feicfidh tú gur cineál iarsmalainne é i ndáiríre. Tá taispeántáin i ngach seomra – nithe coitianta a ndéanaimid talamh slán díobh – ach tá a scéal féin ag gach ceann díobh. Déan turas na hiarsmalainne seo, seoma ar sheomra, ó bharr go bun, ag fiosrú dearadh, stair agus oibriú na nithe coitianta seo.
Trí obair a dhéanamh ar thionscadal faoi na nithe coitianta seo:

- féachfaidh tú go dlú ar ealaín agus dearadh
- déanfaidh tú staidéar ar théamaí stairiúla
- déanfaidh tú staidéar ar athrú agus ar chlaochlú chultúrtha
- foghlaimeoidh tú faoi stair na fionnachtana
- foghlaimeoidh tú faoin gcaoi a n-oibríonn nithe
- foghlaimeoidh tú faoin gcaoi a mbaineann prionsabail eolaíocha le nithe a úsáidimid inár saol laethúil.

Cad iad na nithe coitianta a bhfuilimid ag caint fúthu? Seo liosta de chuid acu:

SA CHISTIN:

- an miasniteoir
- an t-inneall níocháin agus an triomaitheoir éadaí
- an cuisneoir
- an t-oighean micreathonnach
- an meascóir / cumascóir / próiseálaí bia
- An tóstaire
- an gléas caife
- an citeal
- málaí tae agus caife láithreach
- cannaí / oscailteoirí agus fáinní tarraingthe
- corcscriúnna
- cartáin
- Tupperware
- muilte píobair agus salainne
- Pyrex
- uirlisí cócaireachta
- araid triotháin bruscair
- málaí páipéir agus plaisteacha

Déan líníocht bhreathnaitheach dhlúth le peann luaidhe de chuisneoir nó de mhiasniteoir oscailte
Déan líníocht ón tsamhlaíocht "Beartaíonn an Cat é féin a ní san Inneall Níocháin" – úsáid pinn luaidhe dhaite líníochta.
Déan bailiúchán d'earraí cistine agus tarraing pictiúr neamhbheo le dúigh líníochta.
Déan líníocht bhreathnaiteach de chiteal ag bruith le searghual.

SA SEOMRA FOLCTHA

- nan teirmiméadar
- leithris agus páipéar leithris
- an cithfholcadán
- scáthán
- táirgí bearrtha
- táirgí fiacla
- béaldath
- díbholaíoch
- ciarsúir agus maipíní cadáis
- uirlisí gruagadóireachta

© Lárionad Náisiúnta do Theicneolaíocht san Oideachas 2006

- ábhair chéadchabhrach

Féach ort féin sa scáthán agus déan féinphortráid le peann luaidhe.
Bailigh ábhair ón seomra folctha agus úsáid iad mar bhonn do phictiúr neamhbheo – ag úsáid réimse d'uirlisí líníochta daite.
Tarraing pictiúr faoi "Folcadh a Ghlacadh".
Cum branda nua taos fiacla – dean ainm, lógó srl nua a dhearadh. - tarraing dearadh d'fheadán nua i ndúigh Indiacha agus daite.

SA SEOMRA LEAPA

- leapacha
- futon agus leapacha uisce
- cloig agus cloig rabhaidh
- dallóga
- raidiónna, raidiónna cloig agus aláraim raidió
- uaireadóirí
- bioráin dhúnta
- spéaclóirí
- sipí
- cnaipí
- aerchóiritheoirí

Tarraing féinfhortráid díot féin i do leaba le huirlisí éagsúla líníochta daite.
Déan líníocht bhreathnaitheach dhlúth le peann luaidhe de do chlog rabhaidh / d'uaireadóir le peann luaidhe.
Déan péire iontach spéaclóirí a dhearadh – tarraing do dhearadh nua le dúigh líníochta.

SA SEOMRA STAIDÉIR

- bolgáin solais
- soilsiú neon
- lampaí tábla
- plocóidí agus laisc
- pinn, pinn luaidhe agus rubairí
- fáiscíní páipéir
- stáplóirí
- téipeanna féinghreamaitheacha
- rialóirí
- áireamháin
- siosúir
- fótachóipeálaithe agus printéirí
- teileafón, fón póca agus gléas freagartha
- trealamh forimeallach ríomhairí
- ríomhairí pearsanta

Déan bailiúchán d'uirlisí scríbhneoireachta coitianta – déan líníocht neamhbheo de do bhailiúchán le peann luaidhe.
Déan líníocht dhlúth bhreathnadóireachta de do fón póca le searghual.
Déan líníocht bhreathnadóireachta dhlúth de ríomhaire baile le hábhair líníochta dhaite ar nós dúigh líníochta.

EARRAÍ GINEARÁLTA TÍ

- lasáin
- múchtóirí dóiteáin
- brathadóirí deataigh
- iarann éadaí
- folúsghlantóir

© Lárionad Náisiúnta do Theicneolaíocht san Oideachas 2006

- teilifís, cianrialtáin agus físthaifeadáin
- steiréisheinnteoir pearsanta
- déshúiligh
- scáth fearthainne

Samhlaigh to bhfuil tú ag amharc trí dhéshúiligh – tarraing dhá chiorcal agus tarraing an rud a d'fheicfeá le réimse pinn luaidhe.
Déan líníocht dhlúth bhreathnadóireachta d'fholúsghlantóir le searghual.
Déan líníocht ola pastail de steiréisheinnteoir pearsanta.

AN SAOL LASMUIGH

- ceamaraí agus scannán
- tóirse
- uirlisí DFÉ
- scian airm Eilbhéiseach
- rothar
- éadaí uiscedhíonacha
- bróga traenála agus aclaíochta
- bairbiciú
- eitleoga
- Frisbí
- compás
- tinte ealaíne
- léarscáileanna
- batairí
- lomairí faiche

Déan líníocht bhreathnadóirachta dhlúth d'fhoireann uirlisí DFÉ nó de scian airm Eilbhéiseach – nó de cheamara, nó fiú de lomaire faiche.
Déan líníocht chartúin: "An lá ar Tháinig an Lomaire Faiche chun Beatha".
Déan líníocht de bhróg traenála le pinn luaidhe dhaite líníochta
Úsáid pastail chun líníocht a dhéanamh de thinte ealaíne ag pléascadh.

SPÁSANNA POIBLÍ

- glasanna, eochracha, glasanna fraincín agus fáinní eochracha
- nuálacha tráchta
- ardaitheoirí agus staighre beo
- barrachóid
- dáileoirí airgid
- meaisíní díola
- tobair óil agus fuarthóirí uisce

Cuir bailiúchán glasanna, eochracha agus glasanna fraincín le chéile agus déan líníocht neamhbheo díobh le hábhar líníochta de do rogha féin – déan fótagram (le páipéar siúcra) mar bhonn de do líníocht más mian leat.

CUR CHUIGE MOLTA DO THIONSCADAL IMEASCTHA

Socraigh an bhfuil na leanaí ag obair leo féin nó i ngrúpaí comhoibríocha. D'fhéadfadh leanaí aonair earra coitianta amháin a roghnú le taighde a dhéanamh air nó d'fhéadfadh grúpa ceann de na bailiúcháin atá luaite a roghnú.

© Lárionad Náisiúnta do Theicneolaíocht san Oideachas 2006

Tosaigh trí líníochtaí / léaráidí breathnadóireachta dlúth de na hearraí a dhéanamh (ag úsáid na moltaí thuas) chun taighde a dhéanamh orthu. D'fhéadfaí an ghníomhaíocht seo a thabhairt mar obair bhaile – cuir béim ar an ngá atá le fíorchruinneas sa líníocht – glac tomhais – cleacht líníocht de réir scála srl. D'fhéadfaí na líníochtaí seo a dhéanamh ag úsáid réimse d'ábhair líníochta agus dathaithe mar atá luaite sa churaclam amharcealaíne.

Tabhair liosta ceisteanna do gach leanbh/grúpa a bheidh le freagairt acu ina gcuid taighde – déan iarracht iad a bheith measartha oscailte do léirmhíniú.

- cad é do thuairim faoi dhearadh an earra seo?
- faigh roinnt eolais spéisiúil stairiúil faoin earra seo.
- an féidir leat tuairisc shimplí a thabhairt faoin gcaoi a n-oibríonn an t-earra seo?

Déanadh gach duine/grúpa roinnt taighde simplí faoin earra nó earraí atá roghnaithe.

- ag úsáid ábhair agus leabhar thaighde
- ag úsáid cláir TCF
- ag úsáid an Idirlín, srl

Cuirtear an taighde ar fáil i réimse bealaí ansin

- cur i láthair ó bheal don rang (forbairt teanga labhartha)
- léiriúchán póstaeir (scríobh próisis agus amharcealaíona)
- leabhair shimplí a thiomsú do leabharlann an ranga (scríbhneoireacht agus amharcealaíona)
- léiriúchán Powerpoint ar ríomhaire (TCF agus amharcealaíona)
- léiriúchán ilmheán m.sh hyperstudio srl. (TCF agus amharcealaíona)

Mar leanúnachas cuir tús le díospóireacht faoi na mothúcháin atá againn faoin gcaoi a n-athróidh an t-earra coitianta seo amach anseo – ag úsáid líníochta arís chun do smaointe a léiriú.

TAGAIRTÍ

How Things Work – Volumes 1 and 2 1978, Paladin Granada

Panati's Extraordinary Origins of Everyday Things Charles Panati, 1989, Harper Perennial

The Evolution of Useful Things Henry Petroski, 1994, Vintage Books

The Origins of Everyday Thing. Ruth Binney (Ed.) 1999, Reader's Digest

The Way Things Work David Macaulay, 1994, Dorling Kindersley

Really Useful, The Origins of Everyday Things Joel Levy, 2002, Antique Collectors' Club

TAIGHDE IDIRLÍN

www.inventors.about.com
www.ideafinder.com
www.didyouknow.cd
www.invent.org
www.uselessknowledge.com
www.howstuffworks.com
www.smith.edu/hsc/museum/ancient_inventions/

© Lárionad Náisiúnta do Theicneolaíocht san Oideachas 2006